**Central Statistics Office**
**An Phríomh-Oifig Staidrimh**

# Press Statement
**Preas Ráiteas**

## Daonáireamh 2006 – Imleabhar 11 – Míchumas, Cúramóirí agus Gníomhaíochtaí Deonacha

**9.3% den daonra faoi mhíchumas**

Bhí fadhb shláinte nó míchumas fadtéarmach ag beagnach 394,000 daoine, b'shin 9.3% den daonra iomlán. Bhain níos mó ná míchumas amháin le beagnach 269,000 (62%) de na daoine sin – suas ó 188,000 (58.1%) sa bhliain 2002. San áireamh sna ceisteanna a bhain le míchumas i ndaonáireamh 2006 bhí trí chatagóir nua míchumais agus catagóir amháin nua deacrachta i gcomparáid le Daonáireamh 2002.

Tá an t-eolas seo ar fáil i n*Daonáireamh 2006 Imleabhar 11 – Míchumas, Cúramóirí agus Gníomhaíochtaí Deonacha* a thugann tuilleadh mionthorthaí maidir leis an daonáireamh a tógadh ar an 23 Aibreán 2006. Tá torthaí ar fáil sa tuairisc seo maidir le míchumas, cúramóirí agus gníomhaíochtaí deonacha ag clúdach na bpríomhcheisteanna déimeagrafacha agus socheacnamaíocha a bhí mar chuid den daonáireamh. (Féach nóta an eagarthóra).

Bhí ráta níos airde míchumais i gceantair uirbeacha seachas i gceantair tuaithe (9.3% i gcomparáid le 8.6%); i measc baineannach seachas fireannach (9.6% i gcomparáid le 9%) agus, ní nach ionadh, bhain míchumas le haois – bhí 58% de dhaoine a bhí faoi mhíchumas 50 bliana d'aois agus níos sine.

**Ráta i bhfad níos airde míchumais i measc buachaillí**

I measc leanaí san aoisghrúpa 0 go 14 bliana, bhí líon na mbuachaillí faoi mhíchumas i bhfad níos airde ná líon na gcailíní, 21,183 i gcomparáid le 12,073. I ngach rannóg míchumais bhí níos mó buachaillí curtha san áireamh ná cailíní, leis an difríocht ab airde sa rannóg *míchumas foghlama nó intleachtúil* (13,658 buachaillí i gcomparáid le 6,391 cailíní) agus leis an deacracht le *foghlaim, cuimhneamh nó comhdhíriú* (14,017 buachaillí i gcomparáid le 6,575 cailíní).

**Rannpháirtíocht íseal sa lucht oibre i measc daoine atá faoi mhíchumas**

Den 114,749 fireannaigh san aoisghrúpa 15 go 64 bliana a bhí faoi mhíchumas, dúirt 53,244 go raibheadar páirteach sa lucht oibre, ráta rannpháirtíochta de 46.4%. Is féidir comparáid a dhéanamh leis an ráta rannpháirtíochta de 81% do na fireannaigh ar fad san aoisghrúpa céanna.

B'ionann daoine faoi mhíchumas agus 4% de na daoine ar fad ag obair sa bhliain 2006.

**Ráta is airde míchumais i measc oibrithe talmhaíochta**

Bhí an ráta ab airde míchumais (11.9%) sa ghrúpa socheacnamaíoch 'Oibrithe talmhaíochta'. Ina dhiaidh sin a tháinig oibrithe '*Neamhoilte*' ag 11.5% le feirmeoirí ina dhiaidh sin ag 10.4%. Bhí an ráta ab ísle míchumais i measc daoine sna '*Proifisiúin Arda*' agus i measc '*Fostóirí agus Bainisteoirí*' (5.5%).

Tuilleadh /...

*Information Section*
*Central Statistics Office, Skehard Road, Cork*

Tel 021 453 5000
01 498 4000
Fax 021 453 5555
Website http://www.cso.ie
LoCall 1890 313 414
Email info@cso.ie

*Roinn Eolas*
*An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh*

Teil 021 453 5000
01 498 4000
Faics 021 453 5555
An Domhan http://www.cso.ie
GlaoÁitúil 1890 313 414
Ríomhphost info@cso.ie

**Cónaíonn beagnach duine as gach cúigear atá faoi mhíchumas ina aonar**

Den 347,000 daoine faoi mhíchumas a chónaíonn i dteaghlaigh phríobháideacha bhí duine as gach cúigear ina chónaí leis/léi féin sa bhliain 2006. Duine as gach triúr an ráta sin dóibh siúd a bhí 65 bliana d'aois agus níos sine agus a bhí faoi mhíchumas.

**Beagnach 161,000 cúramóirí**

Dúirt beagnach 161,000 daoine a bhí 15 bliana d'aois agus níos sine (b'shin 4.8% de na daoine ar fad 15 bliana agus níos sine) go raibh cúnamh rialta gan phá á chur ar fáil acu do dhuine le tinneas fadtéarmach nó a bhí faoi mhíchumas in Aibreán na bliana 2006. Cuireann níos mó ná duine as gach ceathrar cúramaí cúnamh gan phá ar fáil ar feadh 43 uair an chloig nó níos mó gach seachtain agus is mná iad dhá thrian de na cúramóirí seo. Dúirt níos mó ná leath de na cúramóirí ar fad (90,544) i dtaobh a bpríomhstádas eacnamaíoch gur *ag obair* a bhíodar.

**Gníomhaíochtaí deonacha**

Cuireadh ceist nua maidir le gníomhaíochtaí deonacha i nDaonáireamh 2006. Bhí níos mó ná 553,000 daoine, b'shin 16.4% den daonra 15 bliana d'aois agus níos sine, ag plé le gníomhaíocht deonach. Bhí an ráta ab airde rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí deonacha san aoisghrúpa 45-54 bliana; bhí an líon ab airde daoine ag plé le h*obair shóisialta nó charthanach* (193,000 daoine) le *gníomhaíochtaí spóirt* ina dhiaidh sin ag 180,000.

***Nóta an Eagarthóra***

Tá achoimre ag leibhéal Stáit de shonraí ó Imleabhair 5 - 7, 9 - 10 agus 13 de na tuairiscí sonraithe daonáirimh ar fáil san fhoilseachán *Daonáireamh 2006 – Príomhthorthaí Socheacnamaíocha*, a foilsíodh ar an 21 Meitheamh 2007. Tá figiúirí a bhaineann le míchumas agus cúramóirí ag leibhéal níos sonraithe ar fáil san fhoilseachán, Imleabhar 11, atá á fhoilsiú inniu.

Tá na táblaí ar fad a foilsíodh ó Dhaonáireamh 2006 curtha ar fáil ar shuíomh idirlín na POS (www.cso.ie ). Tá táblaí ag leibhéil Toghranna, Ceantar Áitiúil Toghroinne agus do bhailte beaga ar fáil ar shuíomh idirlín na POS amháin.

**Le cóipeanna den fhoilseachán a fháil déan teagmháil le:**

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Rannóg Eolais, Bóthar na Sceithe Airde, Corcaigh (021) 453 5011

nó

Oifig Díolta Foilseacháin an Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.

Praghas: €15.00

Is féidir cóipeanna a íoslódáil freisin ó shuíomh idirlín na POS (féach seoladh thíos).

## Le tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le:

Le tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le Shaun McLaughlin 01-895 1474 nó le Deirdre Cullen 01-895 1334.

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Campas Gnó Sord, Bóthar Bhaile Anraí, Sord, Co. Átha Cliath.

| | |
|---|---|
| Fiosrúcháin an Daonáirimh | (01) 895 1460/61/63/66 |
| Facs: | (01) 895 1399 |
| Ríomh-phost: | census@cso.ie |
| Idirlíon: | www.cso.ie |

*An Phríomh-Oifig Staidrimh* *1 Samhain 2007*

**– CRÍOCH –**